C/2024/3231

17.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11241 — EEX / NASDAQ POWER)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3231)

1. An 3 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— European Energy Exchange AG ('EEX') (an Ghearmáin), faoi rialú Deutsche Börse AG (an Ghearmáin),

— Nasdaq Power (Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Nasdaq, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh EEX rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nasdaq Power ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

Tharchuir an Údarás Iomaíochta agus Tomhaltóirí na Danmhairge agus Údarás Iomaíochta agus Tomhaltóirí na Fionlainne an comhchruinniú chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(3) den Rialachán um Chumaisc.

Tá na tíortha seo a leanas tar éis tacú leis an tarchur ó shin:

— an Iorua,

— an tSualainn.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— EEX: déanann sé margaí le haghaidh fuinnimh agus táirgí tráchtearraí a fhorbairt, a oibriú agus a nascadh. Go háirithe, soláthraíonn sé seirbhísí trádála agus imréitigh le haghaidh tráchtearraí éagsúla, lena n-áirítear tráchtearraí cumhachta i mBallstáit éagsúla amhail an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír, Lucsamburg, agus na tíortha Nordacha (an Danmhairg, an Iorua, an tSualainn agus an Fhionlainn). Soláthraítear seirbhísí imréitigh EEX trína theach imréitigh féin, European Commodity Clearing ('ECC'),

— Nasdaq Power: cuimsíonn sé codanna áirithe de ghnó trádála tráchtearraí Nasdaq Inc. san Eoraip, go sonrach le haghaidh seirbhísí lena n-éascaítear trádáil agus imréiteach díorthach cumhachta Nordach, Francach agus Gearmánach, mar aon le Lamháltais Astaíochtaí an Aontais (ar a dtugtar díorthaigh lamháltais charbóin an Aontais Eorpaigh) agus Difreálaigh Limistéar Praghais Leictreachais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11241 — EEX / NASDAQ POWER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË